2026/836

13.4.2026

CINNEADH (AE) 2026/836 ÓN gCOIMISIÚN

an 10 Feabhra 2026

maidir leis an bpróiseas chun srianta oibriúcháin a thabhairt isteach ag Aerfort Bhaile Átha Cliath i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 598/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2026) 919)

(Is é an téacs Béarla amháin atá barántúil)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 598/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le rialacha agus nósanna imeachta a bhunú i ndáil le srianta oibriúcháin atá bainteach le torann a thabhairt isteach ag aerfoirt an Aontais faoi Chur Chuige Cothrom agus lena n-aisghairtear Treoir 2002/30/CE [1] ('Rialachán (AE) Uimh. 598/2014'), agus go háirithe Airteagal 8(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 8 Lúnasa 2025, i gcomhréir le hAirteagal 8(1) de Rialachán (AE) Uimh. 598/2014, thug Éire fógra don Choimisiún go raibh rún aici srianta oibriúcháin a thabhairt isteach ag Aerfort Bhaile Átha Cliath, fógra atá cláraithe leis an tagairt Ares(2025)6514967. Sna doiciméid a cuireadh isteach bhí tagairtí do chinneadh rialála a d'eisigh an tÚdarás Inniúil um Thorann Aerárthaí ('ÚITA') tar éis staidéar ar shrianta oibriúcháin beartaithe atá le tabhairt isteach ag Aerfort Bhaile Átha Cliath, tuarascálacha Cigire lena gcuirtear bonn eolais faoin gcinneadh tar éis roinnt achomharc ar an gCinneadh Rialála ó ÚITA, agus an Cinneadh Críochnaitheach ón hCoimisinéir Pleanála, mar aon le tagairtí eile.

(2) Tar éis anailís a dhéanamh ar na doiciméid a cuireadh isteach, chuir an Coimisiún roinnt ceisteanna ar Údaráis na hÉireann i litir dar dáta an 31 Deireadh Fómhair 2025, litir atá cláraithe leis an tagairt Ares(2025)9354715. Fuarthas na freagraí ó údaráis na hÉireann an 8 Nollaig 2025, freagraí atá cláraithe leis an tagairt Ares(2025) 10814577.

(3) Rinne an Coimisiún measúnú ar aighneachtaí údaráis na hÉireann faoi Rialachán (AE) Uimh. 598/2014, go háirithe maidir leis an nós imeachta is infheidhme, cuspóirí an bhirt agus comhréireacht na srianta oibriúcháin atá beartaithe.

(4) Leis an gCuspóir Laghdaithe Torainn mar a leagtar amach é sa Phlean Gníomhaíochta Torainn d'Aerfort Bhaile Átha Cliath, féachtar le '*héifeachtaí díobhálacha fadtéarmacha torainn aerárthaí ar an tsláinte agus ar an mianach saoil, go háirithe san oíche, a theorannú agus a laghdú mar chuid d'fhorbairt inbhuanaithe Aerfort Bhaile Átha Cliath*'. Déanfar é a thomhas go príomha tríd an líon daoine a gcuirtear isteach go mór orthu agus a gcuirtear isteach go mór ar a gcodladh de dheasca torann aerárthaí, go háirithe san oíche. Ceanglaítear leis an gcuspóir freisin laghdú ar an líon daoine a bheidh neamhchosanta ar thorann aerárthaí os cionn 55 dB L_{night} agus 65 dB L_{den} i gcomparáid le dálaí 2019.

(5) Chinn ÚITA, tar éis dó measúnú a dhéanamh, go bhfuil gá leis na bearta seo a leanas chun an cuspóir a bhaint amach, rud a léiríodh sa Chinneadh Rialála uaidh a foilsíodh an 20 Meitheamh 2022:

— Scéim Cuóta Torainn a bhfuil buiséad bliantúil áirimh cuóta 16 260 idir 23:00 agus 06:59 aici (srian oibriúcháin);

— Ní úsáidfear an Rúidbhealach Thuaidh le haghaidh éirí de thalamh nó tuirlingthe idir 00:00 agus 05:59 ach amháin in imthosca áirithe (e.g. sábháilteacht, breithnithe cothabhála, dálaí eisceachtúla aerthráchta etc.) (srian oibriúcháin);

— Scéim dheonach deontais inslithe fuaime cónaithe le haghaidh teaghaisí cónaithe (beart pleanála maidir le húsáid talún).

[1] IO L 173, 12.6.2014, lch. 65, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/598/oj.

(6) Tar éis achomhairc in aghaidh an Chinnidh Rialála ó ÚITA a taisceadh leis an gCoimisiún Pleanála ('ACP'), an comhlacht achomhairc chun críoch Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) Uimh. 598/2014, ag brath ar an réasúnaíocht a cuireadh in iúl i dtuarascálacha Cigire, aithníonn ACP gur féidir an cuspóir um laghdú torainn atá leagtha síos ag ÚITA a bhaint amach leis na bearta atá sa Chinneadh Rialála ó ÚITA. Mar sin féin, measann ACP nach gcuireann na tomhais in L_{night} agus L_{den} san áireamh go leordhóthanach tionchar na mbeart atá beartaithe ar éirí de thalamh agus tuirlingtí breise le linn na hoíche a bheidh ina gcúis le tuilleadh múscailte le linn na hoíche. Dá bhrí sin, tugann ACP méadrach torainn forlíontach isteach, LA_{max}, chun an mhúscailt bhreise a chur san áireamh agus cinneann sé go bhfuil gá le srian oibriúcháin breise, is é sin uasteorainn bhliantúil 35 672 ar ghluaiseacht oíche.

(7) Sa litir uaidh an 31 Deireadh Fómhair 2025 ([2]), d'fhiafraigh an Coimisiún ar bhreithnigh ACP aon bheart malartach nach bhfuil chomh sriantach céanna chun an cuspóir um laghdú torainn ina bhfuil an mhéadracht torainn fhorlíontach a bhaint amach. I litir dar dáta an 8 Nollaig 2025, d'fhreagair ACP nár cuireadh san áireamh ach na bearta sin a mhol Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath ina iarratas pleanála (córas cuóta torainn, srianta ar úsáid an Rúidbhealaigh Thuaidh idir 00:00 agus 05:59 agus Scéim Deontais um Insliú Fuaime Cónaithe) agus a bhí breithnithe cheana féin ag ÚITA ina mheasúnú.

(8) De bhun Airteagal 5(2)(a) de Rialachán (AE) Uimh. 598/2014, tá na Ballstáit le laghdú torainn an aerfoirt shonraigh a shainiú, agus an Plean Gníomhaíochta Torainn á chur san áireamh de réir mar is iomchuí. Le hAirteagal 8 de Threoir 2002/49/CE ó Phairlimint na hEorpa agus ón gComhairle , ([3]) agus le hIarscríbhinn V a ghabhann léi, arna léamh in éineacht le hAirteagail 5 agus 6 de Threoir 2002/49/CE agus le hIarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 598/2014, ceanglaítear go n-áireofar ar na modhanna measúnúaithe le haghaidh na dtáscairí torainn, ar a laghad, éifeachtaí ar an tsláinte arna gcinneadh trí tháscairí L_{den} agus L_{night}, mar a shonraítear in Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Treoir 2002/49/CE. Ceadaítear le hIarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 598/2014 arna léamh in éineacht le Treoir 2002/49/CE freisin táscairí breise a úsáid a bhfuil bonn oibiachtúil leo, amhail LA_{max}.

(9) De bhun Airteagal 5(3)(d) de Rialachán (AE) Uimh. 598/2014, níl na Ballstáit le srianta oibriúcháin a chur i bhfeidhm sula ndéanfaidh siad bearta eile ón gcur chuige cothrom a mheas. Is amhlaidh atá chun gur féidir an beart nó an meascán beart is cost-éifeachtaí a chinneadh.

(10) Tháinig ACP ar an gconclúid go bhfuil gá leis an uasteorainn bhliantúil ar ghluaiseacht oíche, ar srian oibriúcháin í, chun an cuspóir um laghdú torainn a bhaint amach i bhfianaise an táscaire LA_{max}, gan aon mheasúnú a dhéanamh an bhféadfadh bearta ó na trí cholún eile den chur chuige cothrom an cuspóir a bhaint amach, contrártha d'Airteagal 5(3) (a)-(c) de Rialachán (AE) Uimh. 598/2014.

(11) Dá bhrí sin, tá an Coimisiún den tuairim nach bhfuil an próiseas chun srianta oibriúcháin a thabhairt isteach ag Aerfort Bhaile Átha Cliath ag údaráis na hÉireann i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 598/2014 agus gur cheart d'údaráis ábhartha na hÉireann an Cinneadh seo a scrúdú agus an Coimisiún a chur ar an eolas faoin rún atá acu sula dtabharfar isteach na srianta oibriúcháin.

(12) Chun amhras a sheachaint, tá an Cinneadh seo gan dochar d'aon mheasúnú a dhéanfaidh an Coimisiún amach anseo ar an oibleagáid atá ar Údaráis na hÉireann forálacha Rialachán (AE) Uimh. 598/2014 a chomhlíonadh go hiomlán.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

(1) Na srianta oibriúcháin ag Aerfort Bhaile Átha Cliath a bhfuil sé beartaithe ag Éirinn a thabhairt isteach agus ar thug sí fógra ina leith an 8 Lúnasa 2025, ní leanann siad go hiomlán an próiseas a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 598/2014, a mhéid nár bhreithnigh Éire bearta eile seachas srianta oibriúcháin i gcomhréir le hAirteagal 5(3) den Rialachán sin.

([2]) Ares(2025)9354715.

([3]) Treoir 2002/49/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Meitheamh 2002 maidir le torann timpeallachta a mheasúnú agus a bhainistiú (IO L 189, 18.7.2002, lch. 12, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2002/49/oj).

(2) Scrúdóidh Éire an Cinneadh seo agus cuirfidh sí an Coimisiún ar an eolas faoin rún atá aici sula dtabharfaidh sí na srianta oibriúcháin sin isteach ag Aerfort Bhaile Átha Cliath.

Airteagal 2

Is chuig Éirinn a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 10 Feabhra 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
Apostolos TZITZIKOSTAS
Comhalta den Choimisiún